# Ranníocaíocht Pátrúin/Iontaobhaí faoi chomhair Tionscadal Caipitil Foirgnimh

(An nuashonrú is deireanaí ar an gcáipéis seo: Lúnasa 2025)

## 1. Réamhrá

D’fhéadfadh scoileanna a bheith ag fáil ranníocaíochta ó phátrún/iontaobhaí le haghaidh tionscadal foirgnimh.

## 2. Cur Chuige Cuntasaíochta

Na cistí a fhaightear/a úsáidtear le haghaidh tionscadail den sórt sin, gan beann ar an bhfoinse, don talamh agus foirgnimh; ní léirítear mar shócmhainní seasta ar chlár comhardaithe scoile, mar a leagtar amach in Alt 15(3) den Acht Oideachais – “D'fhonn amhras a sheachaint, ní thabharfaidh, ná ní mheasfar go dtabharfaidh, aon ní san Acht seo aon cheart don bhord ar thalamh agus foirgnimh na scoile a bhfuil an bord sin freagrach ina leith, ná aon leas sa chéanna.”

***Tabhair do d'aire:*** I gcás scoileanna a ghearrann táillí, moltar comhairle a fháil ó d’iontaobhaithe agus ó d’iniúchóir sula mbainfear talamh agus foirgnimh ón gclár comhardaithe.
Is ag an gcur chuige cuntasaíochta a mholann iniúchóir(í) an bhoird agus na n-iontaobhaithe a bheidh an tosaíocht.

Leagtar amach thíos na cóid ainmniúla atá le húsáid chun cuntas a thabhairt ar an ioncam a fuarthas, caiteachas agus aistriú an ioncaim agus caiteachais chuig an gciste foirgnimh.

### 2.1. Ioncam a Fuarthas

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Ioncam ó Phátrún/Iontaobhaí faoi chomhair tionscadail chaipitil | DR | 1800 | Cuntas Reatha 1<br>Sócmhainn Reatha |
| | CR | 2173 | Deontais/Ioncam Caipitil Imfhálaithe Eile Gan Chaitheamh<br>Dliteanas Reatha |

**2.2. Caiteachas**

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Caiteachas ranníocaíochtaí Pátrúin/Iontaobhaí ar chostais chaipitil foirgnimh | DR | 3990 | Ranníocaíocht Pátrúin/Iontaobhaí le Costas Foirgnimh Caipitil Caipiteal agus Cúlchistí |
| | CR | 1800 | Cuntas Reatha 1 Sócmhainn Reatha |
| **Gníomh** | **DR/CR** | **Cód Ainmniúil** | **Cur Síos** |
| Aistriú ranníocaíochtaí Pátrúin/Iontaobhaí chuig Cúlchistí Caipitil | DR | 2173 | Deontais/Ioncam Caipitil Imfhálaithe Eile Gan Chaitheamh Dliteanas Reatha |
| | CR | 3903 | Ranníocaíochtaí Pátrúin/Iontaobhaí chuig Ioncam Tionscadail Caipitil Caipiteal agus Cúlchistí |

**2.3. Aistriú iarmhéideanna chuig Cuntas an Chiste Talún/Foirgnimh**

An bhliain tar éis don tionscadal foirgnimh caipitil a bheith críochnaithe, ba cheart an t-ioncam agus an caiteachas a aistriú chuig cuntas an chiste talún/foirgnimh.

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Na ranníocaíochtaí faoi chomhair chostas an tionscadail chaipitil a aistriú chuig an gCiste Talún/Foirgnimh | DR | 3903 | Ranníocaíochtaí Pátrúin/Iontaobhaí le hIoncam Tionscadail Caipitil Caipiteal agus Cúlchistí |
| | CR | 3995 | Cuntas an Chiste Talún/Foirgnimh Caipiteal agus Cúlchistí |

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Costas an tionscadail foirgnimh caipitil a aistriú chuig an gCiste Talún/Foirgnimh | DR | 3995 | Cuntas an Chiste Talún/Foirgnimh Caipiteal agus Cúlchistí |
| | CR | 3990 | Ranníocaíocht Pátrúin/Iontaobhaí le Costas Foirgnimh Caipitil Caipiteal agus Cúlchistí |

**Ciste Foirgnimh Diúltach:** I gcás go bhfuil níos mó airgid caite ag scoil ar thalamh agus foirgnimh ná mar a fuarthas, beidh iarmhéid diúltach nó iarmhéid dochair ar an gciste foirgnimh. Tá sé sin ag teacht leis an gcur chuige cuntasaíochta atá molta ag FSSU.

**2.4 Cuntas ar ranníocaíocht Pátrúin/Iontaobhaí le tionscadail caipitil gan chaitheamh**

Is ioncam imfhálaithe í ranníocaíocht Pátrúin/Iontaobhaí le tionscadail caipitil agus ní mór an t-iarmhéid nach raibh caite ag deireadh na bliana a réiteach agus cuntas a thabhairt air faoi chód ainmniúil 2173 'Deontais/Ioncam Caipitil Imfhálaithe Eile Gan Chaitheamh.